

AN COIMISIÚN REIFRINN

Scéim Teanga

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Réamhrá

Cuirtear an scéim seo isteach thar ceann an Choimisiúin Reifrinn. Ullmhaíodh é faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tagann sé in áit na scéime roimhe, a formheasadh an 16 Deireadh Fómhair 2013.

Foráiltear le halt 15 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim ina sonrú na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil -

- trí mheán na Gaeilge amháin,
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, agus
- trí mheán an Bhéarla amháin,

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht poiblí ar fáil i nGaeilge a chur ar fáil i nGaeilge laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

Cúlra agus Ról an Choimisiúin Reifrinn

Tá an Coimisiún Reifrinn ina chomhlacht neamhspleách a cuireadh ar bun le hAcht an Reifrinn, 1998, arna leasú ag Acht an Reifrinn, 2001. Foráiltear le hAcht 1998 go mbeidh Cathaoirleach an Choimisiúin ina (h)iarbhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc nó na hArd-Chúirte nó ina b(h)reitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Beidh Cléireach Dháil Éireann, Cléireach Sheanad Éireann, an tOmbudsman agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na comhaltaí eile den Choimisiún. Tá an Coimisiún neamhspleách agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna agus faigheann sé tacaíocht ó rúnaíocht ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus ó Oifig an Ombudsman. Níl aon bhaill foirne lánaimseartha ag an gCoimisiún. Tá sé faoi rogha an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Coimisiún Reifrinn a chur ar bun gach uair atá reifreann le reáchtáil. Cruthaítear Coimisiún trí bhíthin Ordú Bunaithe a eisiúint an tAire i leith an reifrinn atá beartaithe. A luaithe atá a fheidhmeanna curtha i gcrích ag Coimisiún, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Aire laistigh de shé mhí tar éis lá na vótaíochta ar chomhlíonadh a fheidhmeanna agus lánscoirfear den Choimisiún mí amháin tar éis chur isteach na tuarascála sin.

Is é ról príomha an Choimisiúin ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do na toghthóirí vótáil sa vótaíocht.

Srianta Oibriúcháin

A luaithe a chuirtear ar bun é, ní mór don Choimisiún oibriú ar fud an fheachtais i gceist de réir an bhuiséid a leithdháileadh air. Is é an Roinn atá ag urrú an reifrinn a leithdháileann an buiséad ar an gCoimisiún. Ar a fheachtas faisnéise a chur i gcrích, tugtar aon chistí atá fágtha ar ais don Roinn urraíochta. Is é an Coimisiún a chinneann conas a chaithfear an leithdháileadh le linn feachtais, agus aird á tabhairt ar a fheidhmeanna reachtúla.

Faoi Acht 1998, ní fhéadfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an tOrdú Bunaithe a eisiúint ach tar éis an dáta a tionscnaíodh i nDáil Éireann an Bille ina bhfuil na tograí le haghaidh leasú bunreacht. Níl sé faoin gCoimisiún Reifrinn dáta a shocrú le haghaidh reifrinn. Mar thoradh air sin, bhí cásanna ann san am atá thart inar tugadh idir ceithre seachtaine agus sé seachtaine don Choimisiún ó dháta an bhunaithe go dtí dáta an reifrinn a fheachtas faisnéise a phleanáil agus a chur chun feidhme. Ba é sin ba chúis le deacrachtaí lóistíochta don Choimisiún san am atá thart agus, dá dtiocfadh cúinsí den chineál céanna aníos sa todhchaí, d'fhéadfadh go gcuirí bac air gealltanais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 atá leagtha amach sa dréacht-togra seo a chomhlíonadh.

Feachtais Faisnéise

Tá sé faoin gCoimisiún Reifrinn i gceist méid agus cineál aon fheachtais faisnéise ar leith a roghnú. Braitheann an méid agus an cineál ar an mbuiséad atá ar fáil, ar an am atá ar fáil agus ar chastacht na dtograí reifrinn. De ghnáth, is comhdhéanta de na nithe seo atá feachtas faisnéise agus an feachtas chun na toghthóirí a spreagadh a vóta a chaitheamh sa reifreann

- faisnéis atá ábhartha do na toghthóirí a sholáthar ar fud na tíre;
- feachtas raidió agus teilifíse;
- feachtas preasa;
- faisnéis a chur ar fáil trí shuíomh Gréasáin agus cuntais mheán sóisialta an Choimisiúin.

I dtaca le feachtais raidió agus teilifíse, deonaítear am saorchraolta don Choimisiún le haghaidh a chraoltaí reifrinn agus breisíonn sé iad le fógraí ceannaithe.

Ceadú comhlachtaí

De bhreis ar fhaisnéis a sholáthar do na toghthóirí, ní mór don Choimisiún an próiseas Ceadaithe Comhlachtaí a dhéanamh agus, tar éis gach feachtais, ní mór dó tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar chomhlíonadh a fheidhmeanna.

Foráiltear le halt 7 d'Acht an Reifrinn, 1998, do chomhlacht iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Reifrinn ar dhearbhu á rá gur comhlacht ceadaithe é chun críocha reifrinn. Tá comhlachtaí ceadaithe i dteideal gníomhairí a cheapadh a bheidh i láthair ag eisiúint agus oscailt na bpáipéar ballóide ó vótálaithe poist, ag ionaid vótaíochta agus ag comhaireamh na vótaí. De réir an Achta, tá ceangal ar an gCoimisiún fógra a chur isteach in dhá nuachtán náisiúnta lena n-iarrrtar iarratais ó chomhlachtaí ar mhaith leo a bheith ina gcomhlachtaí ceadaithe chun críocha an reifrinn i gceist. Ní mór d'iarrratasóirí

cloí le roinnt critéar le bheith incháilithe le haghaidh ceadú. Is de chineál teicniúil agus dírithe ar pháirtithe polaitíochta agus ar ghrúpaí feachtais atá na fógraí sin agus ní chuimsítear iontu aon ábhar faisnéise mínithí ar na tograí reifrinn.

Gealltanais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

I dtaca le feachtais faisnéise sa todhchaí, geallfaidh gach Coimisiún Reifrinn na nithe seo a leanas a luaithe a chuirtear ar bun é -

- foilseofar sa dá theanga oifigiúla go comhuaineach an t-ábhar faisnéise a sholáthrófar ar fud na tíre do na toghthóirí
- foilseofar sa dá theanga oifigiúla an fhaisnéis ar fad a fhoilseofar ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin
- is sa dá theanga oifigiúla a bheidh craoltaí an Choimisiúin Reifrinn ar an raidió agus ar an teilifís
- foilseofar sa dá theanga oifigiúla go comhuaineach tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- beidh urlabhraí ón gCoimisiún ar fáil do na meáin chun seirbhís Ghaeilge a sholáthar ach réamhfhógra a bheith faighte

Beidh feidhm maidir leis na seirbhísí sin ag na gealltanais um chaighdeáin seirbhíse do chustaiméirí ar ghlac an Coimisiún iad i dtaca le seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí, is cuma cé acu a sholáthraítear iad i nGaeilge nó i mBéarla. Foilseofar an scéim seo ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

An Dáta Tosaithe

Dhearbhaigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo le héifeacht ón 01 Bealtaine 2018 agus cuireadh cóip ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.